Aighneacht - Réaltán Ní Leannáin

Is **scríbhneoir cruthaitheach** mé in earnáil na Gaeilge.

Is múinteoir dara leibhéil agus léachtóir tríú leibhéil mé ó thaobh bunghairm de, ach tá mé ag scríobh i ndáiríre ó 2007, uair a bhuail tinneas mé agus ní raibh aon rud eile a bhféadfainn a dhéanamh (ag an am sin) ach scríobh. Níor phill mé ar an fhostaíocht bhuan ó shin mar gheall ar chúrsaí sláinte agus is chuige sin agus chuige sin amháin go bhfuil am agam dua a chur sa scríobh.

**Aistriúcháin, teagasc agus ceirdeanna eile**

Is beag scríbhneoir a bheadh beo ar ioncaim ón scríobh cruthaitheach amháin. Téann go leor scríbhneoirí i mbun teagaisc/léachtóireachta, nó i mbun aistriúcháin nó a ghlacann ceird eile chucu féin leis na billí a íoc. Bím féin ag teagasc grúpaí daoine fásta ó am go ham chun ioncaim a shaothrú.

Téann go leor scríbhneoirí i muinín saothair aistrithe fosta, agus is ábhar mór díomá dom féin go pearsanta go ndíríonn an chuid is mó acu ar aistriúchán ó Bhéarla. Tá Béarla maith ag go leor againn in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ba mhaith agus ba inmhianta aistriúcháin ó theangacha eile a fheiceáil seachas ón Bhéarla.

**Scéimeanna oiliúna éagsúla do scríbhneoirí**

Ní thagann scríbhneoirí ar an bhfód gan dua. Cleachtadh a dhéanann máistreacht, agus oiliúint, leis.

Tá An Scéim Meantóireachta ann, a ritheann Clár na Leabhar Gaeilge, agus a dhéanann freastal ar dhaoine atá ag tosú amach, go príomha. Tá mé páirteach sa scéim, mar Mheantóir agus mar Chomhordaitheoir, agus ar ndóigh, thosaigh mé amach ar an scéim chéanna roinnt blianta ó shin mar Scríbhneoir (nó Printíseach, mar a tugadh orainn ag an am sin). Bíonn freastal maith ar an Scéim. Is maith ann iad agus is fiú tacaíocht a thabhairt don Scéim. https://www.forasnagaeilge.ie/an-sceim-meantoireachta-2021/

Tá ceardlanna éagsúla ann a ritheann foilsitheoirí agus eile ar bhonn rialta. Is maith ann iad agus is dóigh maith iad le scríbhneoirí nua a earcú. m.sh. https://www.irishtimes.com/culture/tuarascail/ceardlanna-pinn-ar-siul-ag-clo-iar-chonnacht-1.3246777

Ach tá géarghá le scéim meantóireachta nó a leithéid trí Ghaeilge do scríbhneoirí atá ag iarraidh a gceird a *fhorbairt*, a bheith ag scríobh i slite nua nó i *genres* nua, nó scéim meantóireachta do scríbhneoirí cruthanta atá ag iarraidh aischothú gairmiúil a fháil (rud nach bhfuil am ná airgead ag foilsitheoirí a thairiscint). Go háirithe agus na scéimeanna meantóireachta atá ann faoi láthair ag díriú ar dhaoine atá ag tosú amach, nó ag freastal ar scríbhneoirí trí Bhéarla (Irish Writers Centre - Words Ireland, mar a bhíodh). m.sh. https://irishwriterscentre.ie/opportunities/national-mentoring-programme-2022/

Taobh amuigh den scríobh féin, bíonn an pobal léitheoireachta ag súil le gach scríbhneoir a bheith oilte ar na meáin chumarsáide ar na laethe seo. Is ríléir gur beag scríbhneoir Gaeilge atá oilte ar an taobh seo den ghnó, agus tá gá le hoiliúint a chur ar fáil sna réimsí sin.

**Comórtais**

Cothaíonn comórtais dea-scríobh, dea-chleachtas, dea-chaighdeán agus dea-mhéin.

Tá géarghá le comórtais do scríbhneoirí Gaeilge go ginearálta. Taobh amuigh den Oireachtas agus cúpla comórtas anseo is ansiúd níl aon bharántas nach gcaithfear iarratais Ghaeilge ar leataobh sna mórchomórtais scríbhneoireachta Béarla sa tír seo – agus an t-aistriúchán a éilíonn cuid mhór acu in éineacht leis. Ní bhíonn moltóirí acu a bhfuil go leor Gaeilge acu le moltóireacht a dhéanamh ar iarrataisí i nGaeilge. Dá mbeinn ag scríobh i mBéarla tá na mílte comórtas a bhféadfainn cur isteach orthu gach mí sa bhliain. Bíonn os cionn 50 comórtas fógartha ar an bhlag seo gach mí, mar shampla, ach is d'iarratais i mBéarla amháin an chuid is mó acu. https://irishwriterscentre.ie/resources/competitions-submissions/ Lasmuigh de sin tá comórtais i gcíocha eile den domhan a bhféadfainn tarraingt orthu, i mBéarla.

Tá géarghá chomh maith le comórtais agus/nó ceardlanna dírithe ar dhéagóirí chun scríbhneoireacht a fhorbairt agus a chothú - agus áis foilsitheoireachta a chur ar fail dóibh siúd a scríobhann go maith.

**Maoiniú**

Má tá muid dáiríre faoin Ghaeilge caithfear litríocht na Gaeilge a chothú i gceart. Os rud é go bhfuil muid in iomaíocht le leabhair Bhéarla a bhfuil díol domhanda orthu caithfidh muid a bheith ar an chaighdeán chéanna leo - ach de bharr go bhfuil an margadh níos lú, tá sé níos deacra é sin a dhéanamh, agus sin an fáth a bhfuil an tacaíocht de dhíth – tacaíocht ó thaobh traenáil agus ó thaobh tacú airgeadais de. Is maith ann an Scéim Phíolótach um Ioncam Bunúsach do na hEalaíona agus is fiú breathnú ar an dul chun cinn a dhéantar leis an scéim chéanna chun teacht ar chinneadh buan agus dírithe ar earnáil na Gaeilge a bhunú. https://www.gov.ie/ga/feachtais/5509d-sceim-phiolotach-ioncam-bunusach-do-na-healaiona/ Chomh maith leis sin, tá gá le borradh le go gcuirfidh tuilleadh scríbhneoirí isteach ar mhaoiniú ón Chomhairle Ealaín – poiblíocht agus oiliúint ar na haiméir atá ann.

**Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge**

Tá ASG ar an bhfód le seacht mbliana anuas agus mar rún acu scríbhneoireacht na Gaeilge a chur chun cinn. Le linn an ama sin tá an cúram sin ag méadú in aghaidh an lae.
Is ceart go mbeadh suíochán ag ASG ar aon bhord/mheitheal machnaimh ina mbíonn todhchaí na scríbhneoireachta á plé.

**An foilsitheoir**

Ní féidir leabhar a dhíol muna bhfuil sé ar fáil sa siopa nó ar an suíomh idirlín. Déanann bunús na bhfoilsitheoirí a ngnó go héifeachtach i measc lucht dílis léite leabhar Gaeilge. Ach tá gá le foireann a chuirfidh leabhair Ghaeilge roimh an phobal léite leabhar Béarla, chun a n-

aird a tharraingt ar leabhair nach léifidís de ghnách. Ardán ar nós irisí litríochta, suímh idirlín a phléann leabhair nua. Ní mhaireann feachtas LoveLeabhar Gaeilge i rith na bliana ar fad agus ní théann sé i ngleic leis na hardáin a fhoilsíonn criticí leabhar go ginearálta.

**Achoimre/Moltaí**

An Scéim Meantóireachta a choinneáil beo.
Scéim na gCoimisiúin a chur sa tsiúl ar bhonn rialta.
Scéim Eagarthóireachta/Comhairleoireachta Liteartha a chur ar fáil.
Scéimeanna do Chothú Scríbhneoireachta Cruthaithí sna Meánscoileanna a chruthú.
Maoiniú a chur ar fáil le comórtais litríochta breise a chur sa tsiúl.
Oiliúint a chur ar scríbhneoirí dul i ngleic leis na meáin nua.
Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge a aithint agus a chothú.
Scéim a fhorbairt le ham a cheannach do scríbhneoirí díriú isteach ar a gceird (ar nós an Scéim Phíolótach um Ioncam Bunúsach do na hEalaíona) *agus* oiliúint a chur ar scríbhneoirí le cur isteach ar na foinsí maoinithe atá ar fáil.